Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8828/26**

**ENER 215**
**FISC 160**
**ECOFIN 563**
**COMPET 518**
**ENV 445**
**IND 303**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 850 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>maidir le praghsanna soláthair leictreachais margadhbhunaithe, iomaíocht éifeachtach sa mhargadh miondíola agus luach saothair na solúbthachta i gconarthaí miondíola a chur chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 850 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 850 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
COM(2026) 850 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**maidir le praghsanna soláthair leictreachais margadhbhunaithe, iomaíocht éifeachtach sa mhargadh miondíola agus luach saothair na solúbthachta i gconarthaí miondíola a chur chun cinn**

GA GA

## RÉAMHRÁ

Le hAirteagal 5(10) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas[1] (dá ngairtear 'Treoir (AE) 2019/944' nó 'an Treoir maidir le Leictreachas' anseo feasta), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na bhforálacha in Airteagal 5 maidir le praghsanna soláthair margadhbhunaithe agus idirghabhálacha poiblí i socrú praghsanna do sholáthar leictreachais.

I gcomhréir lena ghealltanas inacmhainneacht fuinnimh a chur chun cinn agus rannpháirtíocht sholúbtha i margaí leictreachais a chumasú, féachann an Coimisiún, mar a fógraíodh sa phlean gníomhaíochta um fhuinneamh inacmhainne[2] (AEAP), le luach saothair[3] a chur chun cinn mar bhealach chun fuinneamh níos inacmhainne a bhaint amach, lena n-áirítear trí chostais soláthair leictreachais níos ísle.

Tá dlúthnasc idir margaí miondíola iomaíocha agus solúbthacht ar thaobh an éilimh agus gnéithe eile de AEAP, agus go háirithe le straitéisí leictrithe agus digitithe an Choimisiúin araon a bhfuil fócas láidir acu freisin le seachadadh ar bhealach atá fabhrach don tomhaltóir[4].

Dírítear sa chéad chaibidil den tuarascáil seo ar phraghsanna miondíola margadhbhunaithe, mar a cheanglaítear le hAirteagal 5 de Threoir (AE) 2019/944, atá ríthábhachtach chun iomaíocht éifeachtach a chruthú idir soláthróirí agus chun tairiscintí margaidh do thomhaltóirí a fheabhsú. Cuirtear i dtábhacht ann freisin cleachtais chun cabhrú leis na Ballstáit Airteagal 5 a chur chun feidhme. Tá praghsanna margadhbhunaithe tábhachtach freisin chun conarthaí solúbtha a sheachadadh. Sna Ballstáit ina bhfuil idirghabhálacha praghais fós i bhfeidhm, ní mór an t-aistriú sin a bhainistiú go cúramach chun inacmhainneacht a chosaint, agus comharthaí praghais soiléire á gcumasú an tráth céanna chun bonn taca a chur faoi chonarthaí miondíola solúbtha.

Tá ról lárnach ag solúbthacht ar thaobh an éilimh[5], ar féidir í a sholáthar ar bhealaí éagsúla, maidir le margaí a ailíniú le riachtanais tomhaltóirí agus inacmhainneacht, coigilteas agus éifeachtúlacht córais a sholáthar. Le solúbthacht cuirtear luach ar fáil go díreach do thomhaltóirí rannpháirteacha, trí phraghsanna níos ísle agus trí úsáid fuinnimh níos fearr, agus don chóras i gcoitinne trí chostais a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Mar sin féin, ní mór gurb é an treoirphrionsabal a bheidh ann go bhfreastalóidh an tsolúbthacht ar thomhaltóirí, nach gcuirfidh sí ualach orthu agus go gceapfar tairiscintí miondíola agus dreasachtaí córais chun soiléireacht, cothroime agus cuimsitheacht a áirithiú. Chun na tairbhí sin a bhaint amach sa chleachtas, ba cheart solúbthacht ar thaobh an éilimh a chur chun cinn go gníomhach i gcás ina gcruthaíonn sí tairbhí soiléire. Tá feidhm aige sin go háirithe maidir le custaiméirí deiridh atá

[1] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125), ceanglaíodh ar na Ballstáit trasuí iomlán a dhéanamh roimh an 31 Nollaig 2020 ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32019L0944.

[2] COM(2025) 79 final, 'Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne: Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh glan éifeachtúil inacmhainne a sholáthar do mhuintir uile na hEorpa'.

[3] I gcomhthéacs an doiciméid seo, tagraíonn conarthaí soláthair leictreachais miondíola go príomha do chonarthaí arna dtabhairt i gcrích idir soláthróirí fuinnimh agus custaiméirí nach féidir leo rochtain dhíreach a fháil ar mhargaí mórdhíola, amhail teaghlaigh agus gnólachtaí (e.g. fiontair bheaga agus mheánmhéide agus micrifhiontair).

[4] Mar a fógraíodh sa phlean gníomhaíochta um fhuinneamh inacmhainne, cuirfidh an Coimisiún plean gníomhaíochta leictriúcháin agus treochlár straitéiseach maidir le digitiú agus intleacht shaorga don earnáil fuinnimh chun cinn.

[5] De réir Airteagal 2(79) de Rialachán (AE) 2019/943 ciallaíonn 'solúbthacht' an cumas atá ag córas leictreachais oiriúnú d'inathraitheacht na bpatrún giniúna agus tomhaltais agus d'infhaighteacht na heangaí, thar chreataí ama margaidh ábhartha.

feistithe agus spreagtha chun páirt a ghlacadh sa mhargadh miondíola, agus maidir leis an gcóras fuinnimh ina iomláine freisin**.**

Dírítear sa dara caibidil den tuarascáil seo ar sholúbthacht a sholáthar trí chonarthaí miondíola[6] inar féidir le tomhaltóirí freagairt do chomharthaí praghais trína n-úsáid leictreachais a athrú. Is é is aidhm do sholáthar na solúbthachta sin borradh a chur faoi rannpháirtíocht tomhaltóirí trí choigeartuithe ar úsáid fuinnimh a dhreasú atá i gcomhréir le dinimic maidir le soláthar agus éileamh, agus inacmhainneacht á cosaint agus tomhaltóirí leochaileacha á gcosaint an tráth céanna.

## 1. PRAGHSANNA SOLÁTHAIR MARGADHBHUNAITHE

Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Threoir (AE) 2019/944 go bhfuil saoirse ag na soláthróirí uile an praghas ag a soláthróidh siad leictreachas do chustaiméirí a chinneadh. In éineacht leis an gceart atá ag custaiméirí a soláthróir féin a roghnú, is príomhghné den Treoir maidir le Leictreachas é chun iomaíocht chóir agus rochtain oscailte a áirithiú do na soláthróirí uile.

Ba cheart go gcuirfeadh Airteagal 5 ar chumas tomhaltóirí tairbhe iomlán a bhaint as margadh inmheánach leictreachais léirscaoilte lena spreagtar iomaíocht praghsanna agus neamhphraghais araon i measc soláthróirí leictreachais, lena mealltar iontrálaithe nua agus, ar deireadh, lena bhfeabhsaítear rogha agus sástacht na dtomhaltóirí. Cuidíonn margaí fuinnimh léirscaoilte freisin lena áirithiú gur féidir le tomhaltóirí tairbhe iomlán a bhaint as solúbthacht fheabhsaithe agus as infheistíocht fuinnimh fheabhsaithe i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh agus, an tráth céanna, cuireann siad le cobhsaíocht na heangaí trí fhreagairt don éileamh. Chomh maith le hAirteagal 5, tá bearta eile sa Treoir maidir le Leictreachas lena n-éascaítear iomaíocht agus rogha do thomhaltóirí, amhail uirlisí comparáide praghsanna, billí cruinne, méadar cliste agus cearta um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt.

Le hAirteagal 5 ceadaítear do na Ballstáit freisin idirghabháil a dhéanamh i socrú praghsanna - chun custaiméirí fuinneamhbhochta agus custaiméirí leochaileacha a chosaint, nó do na teaghlaigh agus na micrifhiontair uile mar chuid d'aistriú chuig iomaíocht atá go hiomlán éifeachtach, faoi chritéir dhochta. Ciallaíonn idirghabháil i socrú praghsanna (ar a dtugtar 'praghsanna rialáilte' freisin) go gcuirtear srian ar sholáthróir miondíola amháin ar a laghad maidir lena chumas an praghas ag a ndíolann sé leictreachas a chinneadh gan bhac trí cheann amháin ar a laghad dá chonarthaí[7]. Is féidir le praghsanna rialáilte a bheith éifeachtach chun praghas an fhuinnimh a chobhsú do thomhaltóirí deiridh. Mar sin féin, d'fhéadfaidís an comhartha praghais do thomhaltóirí a bhaint, dreasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh a laghdú agus an bonn a bhaint den iomaíocht, rud a dhéanfadh dochar do thomhaltóirí san fhadtéarma.

Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar na sásraí socraithe praghsanna i margaí miondíola ar fud na mBallstát ó tháinig an Treoir maidir le Leictreachas i bhfeidhm i mí Iúil 2019. Tá sé bunaithe ar thuarascálacha arna dtíolacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 5(9)[8] chomh maith le hanailís agus sonraí ó ACER, sonraí ó Eurostat agus taighde bunaithe ar dhoiciméid.

D'ainneoin na géarchéime fuinnimh le blianta beaga anuas (iarmhairtí phaindéim COVID-19 agus ionradh gan údar na Rúise ar an Úcráin in 2022), tá táscairí ann maidir le dálaí iomaíochta feabhsaithe san Aontas, go háirithe sna Ballstáit nach bhfuil aon rialáil praghsanna acu. Mar

6 De ghnáth, tagraítear don chineál sin freagartha don éileamh mar fhreagairt ar an éileamh atá praghasbhunaithe (nó intuigthe) ós rud é go bhfreagraíonn tomhaltóirí d'athruithe ar phraghsanna leictreachais miondíola agus go n-aistríonn siad a dtomhaltas i dtreo tréimhsí ama ina mbíonn leictreachas níos saoire.

7 Ní chumhdaítear le hAirteagal 5 idirghabhálacha amhail íocaíochtaí aonuaire le teaghlaigh, dearbháin agus laghduithe ar CBL agus ar dhleachtanna máil, nach gcuireann srian ar chumas soláthróirí praghsanna a chinneadh gan bhac. Ní cheadaítear idirghabhálacha sa mhargadh mórdhíola faoin Treoir maidir le Leictreachas.

8 Maidir le hAirteagal 5 a chur chun feidhme acu de bhun Airteagal 5(9).

sin féin, tá deis mhór ann fós feabhas a chur ar chúrsaí. Ní mór do na Ballstáit tabhairt faoi threochlár lena leagtar amach bealach chun aistriú chuig iomaíocht éifeachtach agus lena dtreisítear forbairt níos mó solúbthachta ar mhargaí miondíola.

**Bosca 1. Idirghabhálacha poiblí i socrú praghsanna le linn na géarchéime fuinnimh**

*D'ardaigh praghsanna miondíola go mór in 2022 mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh, agus tá leibhéil na bpraghsanna fós ard le haghaidh cuid mhór de 2023 agus 2024.*

*Chuir an Coimisiún treoir ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 den Treoir maidir le Leictreachas le linn na géarchéime[9] mar chuid de theachtaireacht REPowerEU (COM(2022) 108 final). Ina dhiaidh sin tháinig Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, rud a leathnaigh go sealadach na roghanna a bhí ar fáil do na Ballstáit chun idirghabháil a dhéanamh i socrú praghsanna leictreachais[10].*

*Le linn na géarchéime, áiríodh ar na huirlisí idirghabhála a d'úsáid na Ballstáit idirghabhálacha praghsanna ar phraghsanna miondíola, laghduithe CBL, agus creidmheasanna agus dearbháin leictreachais teaghlaigh. Ar an iomlán, le linn na géarchéime d'aistrigh custaiméirí i roinnt mhaith Ballstát chuig tairiscintí rialáilte, tairiscintí a raibh caidhp orthu nó tairiscintí faoi chosaint ar bhealach eile. Cé gur foirceannadh formhór na mbeart, bhí cuid acu fós gníomhach go dtí 2025.*

*Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Leictreachas, tugadh isteach Airteagal 66a, lena gcuirtear ar chumas na Comhairle géarchéim praghsanna uile-Aontais nó réigiúnach a fhógairt, lena gceadaítear do na Ballstáit praghsanna faoi bhun costais a shocrú go sealadach agus tacaíocht a leathnú chuig FBManna faoi choinníollacha dochta chun iomaíocht, éifeachtúlacht fuinnimh agus dreasachtaí laghdaithe éilimh a choimirciú.*

## 1.1 Stádas reatha an tuairiscithe a dhéanann na Ballstáit ar fhorálacha Airteagal 5

Tá tuairisc tugtha ag na Ballstáit[11] ar chur chun feidhme Airteagal 5 mar a leanas: Seoladh formhór na dtuarascálacha faoin 31 Márta 2025 agus léirítear iontu an staid mar a bhí ar an dáta sin:

- Thuairiscigh 14 Bhallstát nár chuir siad idirghabháil praghsanna chun feidhme: an Ostair, an tSeicia, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Fhionlainn, an Chróit, Éire, Lucsamburg, an Laitvia, an Ísiltír, an tSualainn agus an tSlóivéin.
- Tuairiscíonn trí Bhallstát idirghabháil do theaghlaigh fhuinneamhbhochta agus do theaghlaigh leochaileacha amháin: an Bheilg, an Iodáil agus an Phortaingéil.
- Tuairiscíonn sé Bhallstát idirghabháil praghsanna do na teaghlaigh agus/nó na micrifhiontair uile agus iad ag aistriú i dtreo margaí atá go hiomlán iomaíoch: an Bhulgáir, an Spáinn, an Fhrainc, an Ungáir, an Liotuáin, agus an tSlóvaic.
- Tuairiscíonn trí Bhallstát idirghabhálacha maidir le socrú praghsanna a dtiocfaidh deireadh leo in 2025: an Pholainn (Meán Fómhair 2025), an Phortaingéil (Nollaig 2025) agus an Rómáin (Iúil 2025)

---

9 REPowerEU: Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe - COM/2022/108 final.

10 Déantar foráil maidir le forléargas ar chur chun feidhme an Rialacháin seo sa Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar idirghabhálacha éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

11 In 2024, chuir an Coimisiún teimpléad ar fáil chun an ceanglas sin a éascú.

- Thug dhá Bhallstát dá n-aire maoluithe ar chur i bhfeidhm Airteagal 5 agus nach raibh gá leis an tuairisciú dá bhrí sin[12]: an Chipir agus Málta

Faoi Airteagal 5(8), tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoina gcinntí praghsanna miondíola a rialáil laistigh de mhí amháin tar éis a nglactha. Cuimsítear leis an oibleagáid sin freisin na modhnuithe substaintiúla uile ar scéimeanna leanúnacha (e.g. síneadh a chur le tairbhithe). Comhlíonfar na hoibleagáidí sin go córasach.

### 1.2 Idirghabháil praghsanna ar mhaithe le tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí fuinneamhbhochta

Leagtar amach in Airteagal 5(2) gur cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do bheartais shóisialta nó d'idirghabhálacha nach bhfuil bunaithe ar phraghsanna chun custaiméirí fuinneamhbhochta nó custaiméirí leochaileacha a chosaint. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith sna foirmeacha a leagtar amach sa Mholadh ón gCoimisiún (2023/2407) maidir le bochtaineacht fuinnimh[13] lena ndírítear ar réitigh struchtúracha chun aghaidh a thabhairt uirthi.

D'ainneoin sin, ceadaítear le hAirteagal 5(3) do na Ballstáit idirghabhálacha poiblí a chur chun feidhme maidir le socrú praghsanna. Ní mór na hidirghabhálacha sin a dhéanamh laistigh de chreat níos leithne idirghabhálacha arb é is aidhm dóibh tacú le daoine leochaileacha agus daoine fuinneamhbhochta i gcomhthéacs a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna)[14].

Tá sé ina cheanglas de chuid Airteagal 5(4) go bhfreastalóidh idirghabhálacha poiblí i bpraghsáil leictreachais do theaghlaigh leochaileacha ar leas eacnamaíoch ginearálta, go mbeidh siad trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, go n-áiritheofar leo rochtain chomhionann do sholáthraithe, go mbeidh teorainn ama leo agus go mbeidh siad comhréireach, agus go seachnófar leo costais bhreise idirdhealaitheacha do rannpháirtithe sa mhargadh.

Thuairiscigh an Bheilg, an Iodáil agus an Phortaingéil idirghabhálacha i socrú praghsanna (trí tharaifí sóisialta) nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir le teaghlaigh leochaileacha agus teaghlaigh fhuinneamhbhochta. Tá na hidirghabhálacha sin mar chuid de straitéisí níos leithne sna tíortha sin chun bochtaineacht fuinnimh a chomhrac. Tá sásra 'bono social' curtha i bhfeidhm ag an Spáinn freisin ar féidir é a mheas freisin mar idirghabháil faoi Airteagal 5(3).

Cé go bhfuil an sciar den mhargadh atá ag an idirghabháil sin teoranta do 9,9 % de theaghlaigh sa Bheilg[15], san Iodáil cumhdaítear 35 % de theaghlaigh le hidirghabháil praghsanna do chustaiméirí leochaileacha, *Esercenti maggior tutela per clienti vulnerabili,* toisc go bhfuil na coinníollacha incháilitheachta níos leithne[16]. Sa Phortaingéil, sainaithnítear an taraif shóisialta[17] mar bheart beartais shóisialta in *Estratégia Nacional de Longo Prazo para o Combate à Pobreza Energética* na Portaingéile (Straitéis Fhadtéarmach chun an

---

[12] Airteagal 66(4) (an Chipir, obair leanúnach chun an maolú a athnuachan) agus Airteagal 66(5) (Málta).

[13] Moladh (AE) 2023/2407 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bochtaineacht fuinnimh, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202302407.

[14] Tagraíonn Airteagal 5(5) den Treoir d'Airteagail 3(3)(d) agus 24 den Rialachán Rialachais (AE) 2018/1999 lena gceanglaítear ar na Ballstáit na beartais agus na bearta lena dtugtar aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear bearta beartais shóisialta agus cláir náisiúnta ábhartha eile, a leagan amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide.

[15] CEER/ACER, 2023. I gcomparáid leis sin, bhí bochtaineacht fuinnimh na Beilge thart ar 6 % in 2023.

[16] Is iad na tomhaltóirí incháilithe iad siúd a bhí 75 bliana d'aois, tomhaltóirí a cháilíonn don bhónas sóisialta bunaithe ar an staid eacnamaíoch nó mar gheall ar riocht sláinte (a dteastaíonn trealamh leighis cumhachtaithe uathu), daoine faoi mhíchumas, a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht éigeandála tar éis teagmhas turraingeach nó, ar oileán beag nach bhfuil idirnasctha).

[17] Níl an taraif shóisialta faoi réir Airteagal 5(3) mar gheall ar an méid seo a leanas: 'is féidir le tomhaltóirí leochaileacha a soláthróir a roghnú, agus cuirtear an lascaine i bhfeidhm ar an taraif ghréasáin', dá bhrí sin, coinníonn soláthróirí an tsaoirse chun praghsanna a shocrú.

Bhochtaineacht Fuinnimh a Chomhrac) 2023-2050 agus cumhdaíodh 13 % de thomhaltóirí leictreachais léi in 2022[18].

Moltar do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do bhearta struchtúracha amhail athchóiriú fuinnimh thar bhearta inacmhainneachta - amhail tacaíocht ioncaim agus cláir leasa shóisialta nó cúnamh airgeadais sealadach - do theaghlaigh atá i mbochtaineacht fuinnimh. Féadfar taraifí sóisialta a úsáid mar chuid de chur chuige níos leithne, spriocdhírithe chun cruatan láithreach a mhaolú.

### 1.3 Idirghabháil praghsanna ar mhaithe leis na teaghlaigh agus na micrifhiontair uile ar feadh idirthréimhse i dtreo iomaíocht éifeachtach

Le hAirteagal 5(6) den Treoir maidir le Leictreachas, ceadaítear do na Ballstáit praghsanna leictreachais a rialáil go sealadach le linn aistriú chuig iomaíocht lánéifeachtach. Fágann sé sin gur féidir idirghabhálacha a dhéanamh ar feadh tréimhse a bhfuil teorainn ama léi nuair nach mbainfí tairbhí na hiomaíochta amach ina n-iomláine.

Tá na critéir maidir le hidirghabhálacha praghsanna - i gcomhthéacs aistriú i dtreo iomaíocht éifeachtach mar a leagtar amach faoi Airteagal 5(7) - carnach leo siúd faoi Airteagal 5(4) agus é mar aidhm fhoriomlán leo struchtúr láidir dlíthiúil agus eacnamaíoch a chruthú chun saobhadh margaidh a chosc. Áirítear orthu sin - i measc nithe eile - measúnú ar dhul chun cinn, cóir neamh-idirdhealaitheach soláthróirí, socrú os cionn costais, faisnéis do thairbhithe faoi thairiscintí iomaíocha eile agus tras-fhóirdheonú idir custaiméirí margaidh agus custaiméirí praghais rialáilte a chosc. Cé gur éirigh le roinnt tíortha rialáil praghsanna a chomhtháthú le léirscaoileadh an mhargaidh de réir a chéile, níl tíortha eile ach ag tús na gcéimeanna idirthréimhseacha. Léirítear le dinimic margaidh éagothromaíochtaí móra: mar shampla, tá 18 % de theaghlaigh sa Phortaingéil, 27,3 % sa Liotuáin, 29 % sa Spáinn, 57 % sa Fhrainc agus 63 % sa Pholainn fós ag brath ar tharaifí rialáilte[19]. Tuairiscíonn na tíortha sin go bhfuil siad ag tabhairt aghaidh ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5(7)(a) trí bhearta a dhéanamh chun iomaíocht a fheabhsú agus go bhfuil faireachán á dhéanamh acu ar dhul chun cinn. Mar sin féin, níl dátaí soiléire leagtha síos acu uile chun athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna.

Os a choinne sin, i roinnt Ballstát e.g. an Ungáir, an tSlóvaic agus an Bhulgáir[20], tá beagnach 100 % de chustaiméirí teaghlaigh ar tharaifí rialáilte. Cumhdaíonn bearta i roinnt Ballstát fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) fós. Cé go gceadaítear bearta den sórt sin le linn na géarchéime faoi Rialachán 2022/1854, tá siad ag teacht salach ar an Treoir maidir le Leictreachas.

Tá sé ina cheanglas de chuid Airteagal 5(7)(a) go mbeidh '*sraith beart chun iomaíocht éifeachtach a bhaint amach agus modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na bearta sin*' ag gabháil le hidirghabhálacha poiblí i socrú praghsanna. Chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh is féidir leis na Ballstáit treochlár a shainiú, arna eagrú timpeall ar bhearta ar cheart garspriocanna sainithe a bheith san áireamh iontu agus modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh le táscairí. Le treochlár den sórt sin, ba cheart bearta a leagan amach chun saobhadh i sásraí praghsála a laghdú, trédhearcacht i gcomharthaí margaidh a fheabhsú, agus iomaíocht chóir a áirithiú i measc soláthróirí – i gcomhréir leis na critéir níos leithne a leagtar amach in Airteagal 5(7).

---

[18] Direção-Geral de Energia e Geologia. *Estratégia Nacional de Longo Prazo para o Combate à Pobreza Energética (RCM 11/2024, 8.1.2024)*. 2024. https://www.dgeg.gov.pt/media/rgicnggr/rcm-11-2024-08-01-2024-estrat%C3%A9gia-nacional-de-longo-prazo-para-o-combate-%C3%A0-pobreza-energ%C3%A9tica.pdf.

[19] Tuarascáil Faireacháin ar an Margadh ó ACER 2025.

[20] Tuarascáil Faireacháin ar an Margadh ó ACER 2024, lch. 23.

Trí phraghsanna soláthair a dhaingniú le dinimic margaidh, is féidir leis na Ballstáit infheistíocht san fhuinneamh in-athnuaite a chothú, cobhsaíocht eangaí a fheabhsú, agus tacú le hintuarthacht fhadtéarmach costais do thomhaltóirí. Ba cheart **comhairliúchán le páirtithe leasmhara** a chomhtháthú sa treochlár freisin, lena n-áirítear táirgeoirí fuinnimh, tomhaltóirí agus rialtóirí, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le hinacmhainneacht agus luaineacht sa mhargadh. Ní hamháin go gcuirfidh cur chuige struchtúrtha dlús le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh ach áiritheofar leis freisin go leanfaidh na Ballstáit de bheith athléimneach in aghaidh suaití seachtracha, amhail suaitheadh geopholaitiúil nó athruithe tobanna ar an éileamh ar fhuinneamh.

D'éirigh le roinnt Ballstát dul i ngleic leis an aistriú i dtreo iomaíocht éifeachtach a chothú sa mhargadh miondíola fuinnimh agus leasanna tomhaltóirí á gcosaint an tráth céanna. Mar shampla, chuir Éire cur chuige céimnithe chun feidhme maidir le hoscailt an mhargaidh idir 2000 agus 2011 agus léirscaoileadh an mhargaidh mórdhíola á chur chun cinn an tráth céanna. Tá dul chun cinn mór déanta ag an Liotuáin anois maidir le hiomaíocht sa mhargadh miondíola a thabhairt isteach, rud a léiríonn athléimneacht in ainneoin na géarchéime fuinnimh. Bunaithe ar a n-aighneachtaí, d'fhógair trí Bhallstát eile go gcuirfí deireadh de réir a chéile le hidirghabhálacha praghsanna i socrú praghsanna miondíola: an Rómáin, ó mhí Iúil 2025 ar aghaidh, an Pholainn, ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh agus an Phortaingéil, ó mhí na Nollag 2025 ar aghaidh. Léiríonn na samplaí sin an chaoi ar féidir le straitéisí spriocdhírithe de réir a chéile cothromaíocht a bhaint amach idir dinimiceas margaidh agus cosaint tomhaltóirí.

Ceanglaítear le forálacha Airteagal 5(4)(c) agus (d) agus Airteagal 5(7)(b) nach dtabharfar buntáiste ná míbhuntáiste do thairbhithe ná do sholáthróirí sonracha gan údar cuí le hidirghabhálacha. Ní mór rochtain chomhionann a bheith ag na gnóthais leictreachais uile ar chustaiméirí, agus ní mór ualach airgeadais na n-idirghabhálacha a dháileadh go cothrom[21]. Áirithítear leis na forálacha sin go mbeidh cothrom iomaíochta ann agus cuirtear cosc leo ar ilroinnt an mhargaidh, rud atá fíor-riachtanach i margaí ina bhfuil soláthróir ceannasach (stairiúil). Le praghsanna rialáilte, níor cheart buntáiste míchuí a thabhairt do sholáthróirí áirithe, trí phraghsanna rialáilte a bhrandáil ná tríd an gcreat praghsanna rialáilte a úsáid chun conarthaí margadhbhunaithe eile ón soláthróir sin a chur chun cinn.

Trí phraghsanna soláthair a ailíniú le dálaí an mhargaidh, is féidir leis na Ballstáit comharthaí praghais níos soiléire a thabhairt do thomhaltóirí agus, an tráth céanna, tacú le hinfheistíocht in-athnuaite, an eangach a neartú, agus intuarthacht costais fhadtéarmach a fheabhsú do theaghlaigh. Ar na forais sin, agus mar chuspóir ginearálta do na Ballstáit a chuireann idirghabhálacha praghsanna chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit treochlár soiléir faoi cheangal ama a fhorbairt chun aistriú i dtreo praghsanna soláthair margadhbhunaithe, ag ailíniú le prionsabail dhearadh athchóirithe mhargadh an Aontais agus le cuspóirí an aistrithe chuig fuinneamh glan.

Fiosróidh an Coimisiún a thuilleadh an rún atá ag gach Ballstát na treochláir sin a leagan síos agus a chur chun feidhme. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar urramú rialacha agus phrionsabail an Aontais agus cuirfidh sé feabhas ar a chomhar leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheist atá fós gan réiteach.

Cé nach ndéantar foráil i dTreoir 2019/944 maidir le dáta tuairiscithe nua tar éis an 1 Eanáir 2025, iarrfar ar na Ballstáit tuairisciú tráthrialta a dhéanamh ar an leibhéal iomaíochta sa mhargadh miondíola leictreachais trí Thuairisciú Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide ar Dhul

[21] Féach freisin breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 20 Aibreán 2010, Federutility, C-265/08, ECLI:EU:C:2010:205, pointí 45–46.

Chun Cinn. D'fhéadfadh an tuairisciú sin a bheith ar aon dul leis na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana faoi Airteagal 4(9) den Treoir maidir le Gás (2024/1788) a cheanglaítear gach 2 bhliain.

**Cur i bhfeidhm phrionsabail Airteagal 5(4)**

Tá lánrogha leathan ag na Ballstáit maidir lena chinneadh cad is seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus oibleagáidí seirbhíse poiblí gaolmhara ann. Léirmhínigh na Ballstáit na critéir faoi Airteagal 5(4)(a) maidir le 'leas ginearálta', 'riachtanas' agus 'comhréireacht' i dtorthaí éagsúla [22]. I mbreithiúnas Federutility, leag an Chúirt Bhreithiúnais amach prionsabal na comhréireachta i gcomhthéacs na hidirghabhála poiblí i bpraghsáil gáis nádúrtha chun a áirithiú go leanfaidh idirghabhálacha poiblí de bheith spriocdhírithe, éifeachtach agus cothromaithe go hiomchuí ina ndearadh agus ina gcur i bhfeidhm - go háirithe, ní mór an idirghabháil a theorannú do thréimhse a bhfuil géarghá léi chun an cuspóir atá beartaithe léi a bhaint amach.

Tá sé ina cheanglas de chuid Airteagal 5(4)(d) go mbeidh teorainn ama leis na hidirghabhálacha poiblí uile i socrú praghsanna agus go mbeidh siad comhréireach a mhéid a bhaineann lena dtairbhithe. Ní mór an ceanglas sin a léirmhíniú i gcomhthéacs phrionsabail níos leithne na comhréireachta agus shaothrú an leasa ghinearálta. Go sonrach, ní mór an idirghabháil a ailíniú le cuspóirí a shainítear go náisiúnta, amhail bochtaineacht fuinnimh a chomhrac nó aistriú i dtreo iomaíocht éifeachtach a éascú. Leis an teorainn ama, is féidir athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh chun a sheiceáil go bhfuil na critéir idirghabhála uile a shainítear in Airteagal 5 fós á gcomhlíonadh. Nuair a leantar de bhearta nó nuair a chuirtear síneadh leo, ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu arís bunaithe ar mheasúnú nua ar riachtanas.

### 1.4 Méid na hiomaíochta ar fud na mBallstát

Príomhchuspóir de chuid na Treorach maidir le Leictreachas - agus de chuid Airteagal 5 go háirithe - is ea iomaíocht éifeachtach sna margaí leictreachais miondíola a áirithiú. Ina dtuarascálacha, thuairiscigh 18 mBallstát go measann siad go bhfuil iomaíocht éifeachtach i bhfeidhm ar an leibhéal miondíola, ach d'fhreagair cúig Bhallstát[23] nach bhfuil.

Dhá tháscaire iomaíochta a úsáidtear go coitianta is ea Innéacs Herfindahl-Hirschman (IHH) agus an ráta malartaithe soláthróra[24]. Le hInnéacs Herfindahl-Hirschman úsáidtear sciartha den mhargadh atá ag soláthróirí chun tomhas a dhéanamh ar cé chomh comhchruinnithe atá margadh, agus comhchruinniú íseal bainteach le go leor soláthróirí agus, dá bhrí sin, níos mó iomaíochta, agus tá comhchruinniú ard bainteach le dálaí nach bhfuil chomh hiomaíoch céanna. Ó bhí 2019 ann, tá laghdú beag tagtha ar an meán-IHH san Aontas, rud a léiríonn feabhas éigin ar dhálaí iomaíocha. Tá éagsúlacht ann ar fud an Aontais, agus tá iomaíocht mhéadaithe i roinnt Ballstát[25] agus laghduithe i mBallstáit eile[26]. Go ginearálta, tháinig feabhas ar an iomaíocht i mBallstáit nach raibh rialáil praghsanna acu agus tháinig meath imeallach ar an iomaíocht (méadú 1,7 % ar IHH) i mBallstáit ina raibh beagnach na teaghlaigh uile faoi phraghsanna rialáilte. Bhí tionchar diúltach ag an ngéarchéim ar an iomaíocht; i measc an 12 Bhallstát ag a bhfuil sonraí bliantúlaithe comhsheasmhacha maidir le comhchruinniú an mhargaidh, tháinig

---

22 Ráthaítear an neamhspleáchas sin go sainráite le hionstraimí dlí éagsúla de chuid an Aontais agus dearbhaítear é le dlí-eolaíocht chúirteanna agus bhinsí an Aontais. Go deimhin, d'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go comhsheasmhach nach gcuireann dlí an Aontais cosc ar na Ballstáit cuspóirí a bhaineann go sonrach lena mbeartas náisiúnta a chur san áireamh agus seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne á sainiú acu.

23 An Ostair, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil agus an Pholainn.

24 Tá sonraí maidir leis an dá tháscaire sin curtha ar fáil ag ACER.

25 Amhail an Danmhairg, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia agus an Phortaingéil.

26 Is iad sin an Eastóin, an Fhionlainn agus an tSlóivéin.

méadú 4,7 % ar mheáninnéacs simplí (neamhualaithe) IHH[27]. Mínítear é sin go páirteach le comhdhlúthú agus le himeacht soláthróirí[28] (mar thoradh ar an ngéarchéim) i roinnt Ballstát.

Is iondúil go mbíonn IHH don earnáil neamhtheaghlaigh níos ísle ná an IHH don earnáil teaghlaigh ar fud na mBallstát. Cé go bhfuil feabhas éigin tagtha ar dhálaí iomaíochta san earnáil neamhtheaghlaigh ó 2019, chuaigh na dálaí in olcas i roinnt Ballstát le linn 2022 agus 2023.

Tá éagsúlacht mhór idir rátaí malartaithe ar fud an Aontais. Tugann rátaí níos airde le fios go bhfuil margadh iomaíoch sláintiúil ann, agus léiríonn rátaí níos ísle rogha theoranta do chustaiméirí nó rannpháirtíocht íseal tomhaltóirí. Ó am go chéile, tá roinnt Ballstát níos airde ná 20 %[29] agus tá Ballstáit eile faoi bhun 5 %[30] go comhsheasmhach. Ó tugadh isteach an Treoir maidir le Leictreachas, tá méadú tagtha ar an ráta malartaithe san earnáil teaghlaigh[31] agus san earnáil neamhtheaghlaigh[32] araon i bhformhór na mBallstát. Cé gur tháinig méadú ar mheánráta an Aontais san earnáil teaghlaigh le linn thús na géarchéime in 2022 (ó 8,7 % go 9 %), laghdaigh sé in 2023 (go 7,15 %), b'fhéidir mar gheall ar thionchar na géarchéime ar sholáthróirí agus ar na dinimicí a tugadh isteach le hidirghabhálacha poiblí. Taifeadadh patrún comhchosúil san earnáil neamhtheaghlaigh.

Thug ACER[33] dá aire, i measc na mBallstát ina bhfuil an ráta malartaithe níos lú ná 10 %, go bhfuil soláthróirí ceannasacha ag beagnach trí cheathrú (73 %). Tugann siad faoi deara freisin go bhféadfadh idirghabhálacha praghsanna a bheith ina ndídhreasacht don mhalartú toisc go bhfuil céatadán na gcustaiméirí teaghlaigh a fhaigheann idirghabhálacha praghsanna níos ísle ar bhonn comparáide sna Ballstáit ina bhfuil rátaí malartaithe níos airde ná 10 %. Ar an gcaoi chéanna, tá éagsúlacht i measc na mBallstát sa ráta malartaithe le haghaidh neamhtheaghlach. Go ginearálta, déanann custaiméirí neamhtheaghlaigh malartú ag rátaí níos airde ná teaghlaigh, agus bhí an meánráta in 2023 dhá oiread níos mó ná meánráta na dteaghlach.

Go hachomair, ó tugadh isteach an Treoir maidir le Leictreachas, is cosúil go bhfuil feabhas beag tagtha ar dhálaí iomaíocha d'ainneoin thionchar na ngéarchéimeanna praghsanna fuinnimh. Mar sin féin, tá na dálaí éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Tá go leor margaí fós sách comhchruinnithe, agus measann líon ard freagróirí (21,7 %) nach bhfuil aon iomaíocht éifeachtach i margadh miondíola leictreachais a mBallstáit.

Ina n-aighneachtaí, thug na Ballstáit nuashonruithe ar na deacrachtaí a bhí acu[34] maidir le feabhas a chur ar dhálaí iomaíocha agus is iad seo a leanas na ceithre bhacainn is mó a luadh:

1) rátaí ísle malartaithe agus/nó rannpháirtíocht íseal tomhaltóirí a tuairiscíodh (11 Bhallstát),
2) tionchar rannpháirtí cheannasaigh sa mhargadh (10 mBallstát), agus
3) méid beag an mhargaidh (naoi mBallstát).

---

27 Tagraíonn an méadú céatadáin don mheánathrú ar IHH idir 2022 agus 2021 le haghaidh na 12 Bhallstát seo a leanas: an Danmhairg, an Eastóin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, an Laitvia, an Phortaingéil agus an tSlóivéin.

28 Féach Tábla 10 de Thuarascáil Faireacháin ar an Margadh ó ACER 2023 maidir le Miondíol Fuinnimh agus Cosaint Tomhaltóirí. Bhí i bhfad níos mó imeacht soláthróirí ná mar a bhí iontrálaithe don tréimhse sin.

29 Amhail an Ostair, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil agus an Pholainn.

30 An Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSlóvaic.

31 Méadaithe in 17 mBallstát as na 23 Bhallstát a bhfuil sonraí ar fáil ina leith.

32 Méadaithe in 15 mBallstát as na 22 Bhallstát a bhfuil sonraí ar fáil ina leith.

33 MMR 2024 ACERACER-CEER_2024_MMR_Retail-1.pdf.

34 Níor thuairiscigh ach trí Bhallstát (an tSualainn, an tSlóivéin agus an Laitvia) nach raibh aon bhacainn inaitheanta ar an iomaíocht.

4) rochtain íseal ar an margadh mórdhíola agus cleachtais fhrithiomaíocha eile a bheith sa mhargadh (cúig Bhallstát).

Tá bearta ‘gan aiféala’ ar fáil do na Ballstáit ar féidir leo feabhas mór a chur ar an iomaíocht, ar athléimneacht fhadtéarmach an mhargaidh agus ar rogha tomhaltóirí. Leis na bearta sin, cuirtear feabhas ar thrédhearcacht, áirithítear rochtain chothrom ar an margadh mórdhíola do sholáthróirí agus méadaítear solúbthacht i gconarthaí miondíola. Déantar cur síos orthu sa chéad roinn eile.

| |
|---|
| Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana chun comhleanúnachas a áirithiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh, agus an tráth céanna tá an tsaoirse acu an fhoirm agus an modh a roghnú chun cuspóir coiteann is gnách do na treoracha a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit an Treoir maidir le Leictreachas arna leasú leis an Treoir maidir le Dearadh an Mhargaidh Leictreachais (AE) 2024/1711 (dá ngairtear ‘DML’ anseo feasta) chun feidhme go hiomlán. Má chuirtear moill ar thrasuíomh nó má dhéantar trasuí neamhiomlán ar na rialacha sin, tá an baol ann go mbainfí an bonn dá n-éifeachtacht agus go gcuirfí fad leis an neamhdheimhneacht fuinnimh. Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil sé ar fáil chun tacú le cur chun feidhme ceart reachtaíocht ábhartha an Aontais agus chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme sin. |

### 1.4.1 Bearta náisiúnta chun iomaíocht mhargaidh a fheabhsú

Tuairiscíonn na Ballstáit bearta sonraithe a tugadh isteach chun feabhas a chur ar an iomaíocht ó tugadh isteach an Treoir maidir le Leictreachas. Ba iad seo a leanas na bearta a tugadh isteach:

1. bearta chun rochtain chothrom thrédhearcach ar an margadh mórdhíola a áirithiú (16 Bhallstát)
2. uirlisí comparáide a thabhairt isteach[35] (14 Bhallstát)
3. simpliú na nósanna imeachta chun iontráil soláthróirí nua a éascú (12 Bhallstát)
4. fógraí agus feachtais faisnéise do thomhaltóirí (naoi mBallstát)
5. oibleagáidí sonracha a thabhairt isteach ar sholáthróirí ceannasacha (ocht mBallstát)
6. feabhsuithe reachtacha agus rialála a thabhairt isteach (ocht mBallstát)

Tá ceannasacht roinnt gníomhaithe margaidh sa táirgeadh agus sa soláthar araon fós ag cur bac ar iomaíocht éifeachtach i margaí miondíola leictreachais. Tá sé ríthábhachtach d’fheidhmiú an mhargaidh a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom chomhionann ag soláthróirí ar an margadh mórdhíola - lena n-áirítear trí chomhaontuithe ceannaigh cumhachta agus conarthaí difríochta mar a tugadh isteach leis an athchóiriú ar an margadh leictreachais[36] - go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil comhchruinniú mór sa mhargadh.

| |
|---|
| Chun cur chun feidhme Airteagal 5 a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun an margadh a chothromú trí rochtain chothrom agus chóir ar an margadh mórdhíola a ráthú do na soláthróirí uile agus trí thrédhearcacht iomlán a choinneáil ar bun. |

Is gá freisin solúbthacht neamhiontaise a chur chun cinn sna conarthaí margaidh miondíola uile, lena n-áirítear na conarthaí sin i margaí rialáilte, ar mhaithe le hiomaíocht. I bhfianaise na srianta líonra agus an ghá atá le fuinneamh inacmhainne, is príomhréiteach anois iad conarthaí soláthair solúbtha.

Tá sé ríthábhachtach méadair chliste a chur in úsáid chun conarthaí soláthair níos solúbtha a chumasú. Tá an tsolúbthacht leabaithe anois in go leor tairiscintí miondíola — ó phraghsáil

35 Tá an beart sin éigeantach faoi Airteagal 14 den Treoir maidir le Leictreachas.

36 Rialachán (AE) 2024/1747 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas.

dhinimiciúil agus am úsáide go samhlacha hibrideacha, lena gcomhcheanglaítear cobhsaíocht agus freagrúlacht, — lena dtugtar bealaí nua do thomhaltóirí chun billí a laghdú agus tacú le cobhsaíocht na heangaí.

Léiríonn an Fhrainc agus an Spáinn gur féidir leis an tsolúbthacht oibriú faoi tharaifí rialáilte freisin trí shásraí amhail praghsáil lae/oíche agus struchtúir atá nasctha le mórdhíol.

Ba cheart do na Ballstáit dlús a chur le cur in úsáid méadar cliste, le tacaíocht ó straitéisí soiléire rannpháirtíochta tomhaltóirí chun rannpháirtíocht i dtairiscintí solúbtha a uasmhéadú. Ba cheart dóibh na soláthróirí uile a spreagadh, lena n-áirítear soláthróirí rialáilte, i gcás inar féidir chun gnéithe solúbthachta amhail am úsáide nó praghsáil hibrideach a ionchorprú agus cosaint tomhaltóirí á cosaint an tráth céanna.

Maidir le solúbthacht a chomhcheangal le rialáil praghsanna, áirithítear leis an gcreat a chumhdaítear in Airteagal 66a de DML go mbeidh dreasachtaí fós ag teaghlaigh agus ag FBManna chun tomhaltas a laghdú fiú faoi phraghsáil rialáilte. D’éirigh le roinnt Ballstát an prionsabal sin a chur i bhfeidhm go rathúil le linn na géarchéime fuinnimh agus d’fhéadfadh na Ballstáit na critéir a leagtar amach in Airteagal 66a a chur chun feidhme freisin le linn tréimhsí neamh-ghéarchéime, rud a chosnódh tomhaltóirí agus a chaomhnódh comharthaí praghais.

## 2. RÓL NA SOLÚBTHACHTA Ó THAOBH AN ÉILIMH DE SAN AISTRIÚ FUINNIMH

### 2.1 Solúbthacht mar phríomhchumasóir córais leictreachais dhícharbónaithe atá dírithe ar thomhaltóirí

Is féidir le solúbthacht ar thaobh an éilimh tacú le margadh leictreachais miondíola éifeachtúil iomaíoch agus tairbhí a thabhairt do thomhaltóirí go díreach agus don chóras i gcoitinne araon. Trí sholúbthacht mhiondíola a ghníomhachtú, cuideofar le giniúint foinsí in-athnuaite inathraitheacha a chomhtháthú agus le tomhaltóirí a chumhachtú chun a bhfuinneamh a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Chun an tsolúbthacht sin a bhaint amach, tá gá le creat rialála éifeachtach lena gcosnaítear tomhaltóirí, lena gcothaítear rochtain chothrom, agus lena gcoinnítear inacmhainneacht ar bun. Beidh bonneagar méadraithe chliste lárnach san athrú sin.

Ar an iomlán, ba cheart é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí ar mian leo a bheith gníomhach agus a solúbthacht a thairiscint don mhargadh é sin a dhéanamh. Chuige sin, teastaíonn creat dlíthiúil soiléir, réitigh nuálacha agus táirgí a chuireann ar chumas tomhaltóirí tairbhe a bhaint as rogha chomh maith le praghsanna agus luaíochtaí cothroma. Thairis sin, ba cheart rochtain a bheith ag tomhaltóirí ar fhaisnéis agus ar uirlisí trí chórais méadraithe chliste[37] agus trí shocruithe éifeachtacha maidir le rochtain ar shonraí lena dtugtar de chumhacht dóibh roghanna eolasacha a dhéanamh.

Tá sé chomh tábhachtach céanna a áirithiú go gcosnófar custaiméirí deiridh atá i mbun solúbthachta le coimircí láidre maidir le socruithe conarthacha, trédhearcacht agus faisnéis faoi tháirgí agus faoi phraghsanna, agus cosaint sonraí á háirithiú an tráth céanna. Ba cheart do sholáthróirí a sholáthraíonn conarthaí miondíola solúbtha agus go háirithe conarthaí praghsála dinimiciúla, tomhaltóirí a chur ar an eolas go leormhaith faoi rioscaí agus tairbhí gaolmhara na dtairiscintí sin.

Ar deireadh, ní mór feasacht tomhaltóirí a chothú go gníomhach; is féidir le feachtais agus tionscnaimh chumarsáide spriocdhírithe cuidiú le béim a leagan ar na tairbhí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le rannpháirtíocht solúbthachta, tacú le rannpháirtíocht eolasach, agus níos mó tomhaltóirí a spreagadh chun rannchuidiú.

### 2.2 Cláir freagartha don éileamh

In Airteagal 2(20) den Treoir maidir le Leictreachas sainmhínítear 'freagairt don éileamh' mar an t-athrú ar an ualach leictreachais ag custaiméirí deiridh óna ngnáthphatrúin tomhaltais nó óna bpatrúin tomhaltais reatha mar fhreagairt ar chomharthaí margaidh, lena n-áirítear mar fhreagairt ar phraghsanna leictreachais atá inathraithe de réir ama nó íocaíochtaí dreasachta, nó mar fhreagairt ar ghlacadh thairiscint an chustaiméara deiridh laghdú nó méadú éilimh a dhíol ar phraghas i margadh eagraithe, bíodh sin ina aonar nó trí chomhiomlánú.

De ghnáth, roinntear cláir freagartha don éileamh idir cláir phraghasbhunaithe (nó 'intuigthe') agus cláir dhreasachtbhunaithe (nó 'sainráite'). Mar fhreagairt don éileamh dreasachtbhunaithe, comhaontaíonn tomhaltóirí roimh ré, go minic trí thríú páirtí, a n-úsáid leictreachais a laghdú nó a aistriú mar mhalairt ar chúiteamh airgeadais díreach. Sa chleachtas, úsáidtear an cineál sin solúbthachta go príomha i margaí cothromúcháin, i seirbhísí coimhdeacha, agus, i gcás inarb ábhartha, i sásraí acmhainneachta. Tá ról ríthábhachtach ag comhbhailitheoirí maidir le hualaí solúbthachta níos lú ó theaghlaigh, ó ghnólachtaí agus ó chustaiméirí tionsclaíocha beaga, agus ó acmhainní stórála, a chomhcheangal ina méideanna

---

[37] De réir an tsainmhínithe in Airteagal 2(23) de Threoir (AE) 2019/944, *ciallaíonn 'córas méadraithe chliste' córas leictreonach atá in ann an leictreachas a chuirtear isteach san eangach nó an leictreachas a ídítear ón eangach a thomhas, lena soláthraítear níos mó faisnéise ná gnáthmhéadar, agus atá in ann sonraí a tharchur agus a fháil chun críocha faisnéise, faireacháin agus rialaithe, ag úsáid cumarsáid leictreonach de chineál áirithe.*

atá mór go leor chun páirt fhóinteach a ghlacadh i margaí leictreachais agus chun seirbhísí a sholáthar don chóras.

Tá sé ríthábhachtach a áirithiú gur féidir le comhbhailitheoirí, lena n-áirítear comhbhailitheoirí neamhspleácha, rochtain a fháil ar mhargaí ar théarmaí trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha, agus gur féidir le tomhaltóirí clárú go héasca lena seirbhísí, chun an freagairt don éileamh dreasachtbhunaithe a scaoileadh.

Tagann conarthaí miondíola solúbtha faoi fhreagairt phraghasbhunaithe don éileamh. Sa chás sin, freagraíonn tomhaltóirí do phraghsanna leictreachais a athraíonn le himeacht ama – amhail taraifí ama úsáide, praghsáil dhinimiciúil, nó buaicphraghsáil chriticiúil – agus coigeartaíonn siad a dtomhaltas dá réir sin, gan gealltanas sainráite ar leithligh a dhéanamh chun laghdú sonrach ualaigh a bhaint amach.

### 2.3 Creat dlíthiúil

Leis an bPacáiste Fuinnimh Ghlain, tugadh isteach an creat le haghaidh solúbthacht éilimh, lena n-áirítear sainmhíniú ar phríomhróil agus ar phríomhfhreagrachtaí i measc rannpháirtithe sa mhargadh, agus na módúlachtaí lena rialaítear leictreachas miondíola solúbtha. Le chéile, le Treoir (AE) 2019/944, arna leasú le DML[38], agus Rialachán Leictreachais (AE) 2019/943[39] (dá ngairtear ‘an Rialachán Leictreachais’ anseo feasta), arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1747[40], soláthraítear an creat dlíthiúil le haghaidh tairiscintí miondíola solúbtha lena n-áirítear forálacha lena gceadaítear do thomhaltóirí conarthaí ar leithligh a bheith acu le haghaidh ualaí solúbtha, amhail luchtú feithiclí leictreacha agus teaschaidéil, óna n-úsáid phríomhúil teaghlaigh.

Is éifeachtaí freagairt don éileamh nuair a bhíonn rochtain ag tomhaltóirí ar phraghsanna miondíola margadhbhunaithe, mar a cheanglaítear le hAirteagal 5 den Treoir maidir le Leictreachas. Sna Ballstáit ina bhfuil idirghabhálacha praghais fós i bhfeidhm, ní mór an t-aistriú uathu a bhainistiú go cúramach chun inacmhainneacht a choimirciú, agus comharthaí soiléire praghais á gcumasú an tráth céanna ar comharthaí iad atá mar bhonn agus mar thaca ag conarthaí soláthair leictreachais solúbtha.

Le hAirteagal 11 den Treoir maidir le Leictreachas comhlánaítear na forálacha bunúsacha maidir le saor-rogha soláthróra agus praghsanna soláthair margadhbhunaithe trína cheangal go mbeidh conradh leictreachais praghsála dinimiciúla amháin ar a laghad ar fáil ar an margadh do chustaiméirí deiridh a bhfuil méadar cliste acu. Chun trédhearcacht agus muinín a áirithiú, agus chun cinntí eolasacha a éascú, ceanglaítear ar sholáthróirí tuairisc shoiléir a thabhairt ar na tairbhí agus na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann sula gcláróidh custaiméirí.

Treisítear na forálacha sin le hAirteagal 13 maidir le conarthaí comhiomlánaithe agus le hAirteagail 15 agus 17, lena sainítear an córas do chustaiméirí gníomhacha agus don fhreagairt don éileamh trí chomhiomlánú. Tá sé d’oibleagáid ar na Ballstáit rochtain neamh-idirdhealaitheach ar na margaí leictreachais uile a áirithiú do thomhaltóirí agus do

[38] Treoir (AE) 2024/1711 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas, (IO L 2024/1711, 26.6.2024), ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401711.

[39] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (athmhúnlú) (IO L, 2019/158, 14.6.2019, lch. 54), ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32019R0943.

[40] Rialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas, (IO L 2024/1747, 26.6.2024), ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401747.

chomhbhailitheoirí, lena mbunaítear sásraí oiriúnacha margaidh lena gceadaítear solúbthacht chun bheith rannpháirteach agus iad a luacháil go cuí sna margaí uile.

Leis na rialacha atá le teacht, amhail an cód gréasáin maidir le freagairt don éileamh[41],, ina leagfar amach comhchreat de chuid an Aontais chun solúbthacht ar fud na margaí a ghníomhachtú agus a íoc, mar aon leis an ngníomh cur chun feidhme maidir le hidir-inoibritheacht sonraí le haghaidh freagairt don éileamh[42],, lena n-éascófar rochtain ar shonraí ábhartha, meastar go gcomhlánófar an creat atá ann cheana agus go dtacófar a thuilleadh le glacadh na freagartha don éileamh. Ina theannta sin, cuideoidh an cód iompair do ghairis chliste[43] lena áirithiú gur féidir le gairis nasctha i dtithe cliste freagairt gan uaim do chonarthaí soláthair solúbtha, rud a neartóidh rannpháirtíocht na dtomhaltóirí agus éifeachtúlacht an chórais araon.

### 2.4 Méadrú cliste mar chumasóir bunúsach

Is ceanglas fíor-riachtanach iad na méadair chliste do thomhaltóirí chun páirt a ghlacadh i dtomhaltas fuinnimh solúbtha, rud a fhágann gur féidir billeáil ambhunaithe a dhéanamh, a chumasaíonn léargais fíor-ama agus a thacaíonn leis an uathoibriú. Cuireann siad rochtain fheabhsaithe shlán ar shonraí méadraithe agus tomhaltais ar fáil freisin agus cuidíonn siad le custaiméirí deiridh meastacháin chostais shoiléire agus tairiscintí saincheaptha a fháil. Cuireann sé sin ar a gcumas dóibh roghanna eolasacha a dhéanamh. Sna Ballstáit ina bhfuil an cur in úsáid níos forbartha, tá leas á bhaint cheana féin ag tomhaltóirí as táirgí atá ceangailte le praghsanna an mhargaidh mórdhíola lena spreagtar freagrúlacht ar thaobh an éilimh agus lena gcabhraítear le costais an chórais a laghdú.


Cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta maidir le córais méadraithe chliste a chur in úsáid ar fud an Aontais, tá an staid fós míchothrom. Ba é thart ar 60 % an ráta dul i bhfód maidir le méadrú cliste leictreachais in AE-27 ag deireadh 2024, bunaithe ar shonraí ó ACER-CEER[44]. Tá leibhéil dul i bhfód os cionn 80 % bainte amach ag 15 Bhallstát, lena n-áirítear 10 mBallstát atá gar do chumhdach iomlán. Tá 12 Bhallstát fós faoi bhun 80 %, agus tá seacht mBallstát díobh sin ag titim chun deiridh mar gheall ar mhoilleanna ar a gcur i bhfeidhm nó toisc nár chinn siad go fóill dul ar aghaidh le himscaradh ar mhórscála. Léirítear sa ghraf seo a leanas dul i bhfód méadar cliste ar fud an Aontais.

41 Is é Airteagal 59(1)(e) de Rialachán (AE) 2019/943 an bunús dlí leis an gcód gréasáin sin.

42 Is é Airteagal 24(2) de Threoir (AE) 2019/944 an bunús dlí atá leis an ngníomh cur chun feidhme sin.

43 Suíomh gréasáin CE-ACT maidir leis an gCód Iompair maidir le Gairis Chliste Fuinnimh, arna rochtain an 25.9.2025; url: https://ses.jrc.ec.europa.eu/development-of-policy-proposals-for-energy-smart-appliances.

44 ACER-CEER, Tuarascáil 2024 maidir le Faireachán ar an Margadh Miondíola Fuinnimh (Meán Fómhair 2024) agus sonraí faireacháin bhileoga tíre ACER maidir le Leictreachas 2024 (Iúil 2025).



Fíor 1: Méadrú cliste a chur in úsáid san Aontas (bunaithe ar shonraí ó MMR 2024 ACER-CEER agus ó bhileoga tíre ACER (Iúil 2025).

Ní mór na feidhmiúlachtaí a leagtar amach in Airteagal 20 den Treoir maidir le Leictreachas a ionchorprú i gcórais méadraithe chliste. Feidhmiúlachtaí amhail seachadadh sonraí tomhais bailíochtaithe agus soláthar sonraí atá gar d'fhíor-am lena léirítear an tréimhse shocraíochta éagothroime sa mhargadh náisiúnta, tá siad ríthábhachtach chun cuidiú le seirbhísí fuinnimh a thabhairt isteach lena gcúitítear patrúin tomhaltais sholúbtha.

Ina theannta sin, tá comhairle agus faisnéis iomchuí de dhíth ar thomhaltóirí sula suiteáiltear méadair chliste nó tráth a shuiteáiltear méadair chliste. Tá sé sin fíor-riachtanach chun muinín tomhaltóirí a chothú agus chun roghanna eolasacha a chumasú. Ba cheart é a bheith d'aidhm leis an gcomhairle agus leis an bhfaisnéis sin ní hamháin feasacht a mhúscailt maidir leis na roghanna atá ar fáil do thomhaltóirí, ach tuiscint a fhorbairt freisin ar an gcaoi ar féidir le gairis atá cumasaithe don tsolúbthacht (amhail teaschaidéil, luchtairí feithiclí leictreacha, nó gairis bhaile chliste) idirghníomhú le méadair chliste. Cuideoidh sé sin le dlús a chur le húsáid éifeachtach na solúbthachta i margaí miondíola trí chomhtháthú praiticiúil gaireas solúbtha agus bonneagair méadraithe chliste a chur chun cinn.

Tá rochtain idir-inoibritheach ar shonraí méadraithe agus tomhaltais chomh ríthábhachtach céanna chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na méadar cliste agus chun seirbhísí solúbthachta a éascú. Tá an bealach á réiteach ag an gCoimisiún le haghaidh rialacha teicniúla níos sonraí maidir le hidir-inoibritheacht sonraí don fhreagairt don éileamh. Tá sé fíor-riachtanach rochtain ar shonraí méadraithe a chumasú, ní hamháin chun tacú le seirbhísí freagartha don éileamh ach freisin chun tairiscintí miondíola nuálacha a chothú agus chun tomhaltóirí a chumhachtú chun a dtomhaltas agus a n-acmhainneacht solúbthachta a bhainistiú go gníomhach.

I ndáil leis an méid sin, leagtar amach trí thosaíocht:

- **Imscaradh tapa:** a áirithiú go n-imscarfar méadair chliste gan mhoill agus go mbeidh feidhmiúlachtaí acu lena gcumasófar praghsanna dinimiciúla, aiseolas gar d'fhíor-am, agus idir-inoibritheacht le haghaidh rochtain rianúil ar shonraí ar bhealach slán.

- **Rochtain idir-inoibritheach ar shonraí:** Le ceanglais an Aontais maidir le rochtain ar shonraí, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2023/1162[45,46], áirithítear gur féidir le soláthraithe seirbhíse agus tomhaltóirí araon úsáid a bhaint go héasca agus go héifeachtach as sonraí méadraithe agus tomhaltais i seirbhísí solúbthachta.
- **Rannpháirtíocht tomhaltóirí:** le bheith go hiomlán éifeachtach, is fearr cumarsáid shoiléir, taispeántais sa bhaile, agus uirlisí digiteacha a bheith ag gabháil le rolladh amach méadar cliste, a chuireann ar chumas tomhaltóirí a gcuid sonraí tomhaltais agus costais fuinnimh a fheiceáil, a thuiscint agus gníomhú ina leith.

### 2.5 Conarthaí miondíola solúbtha atá oiriúnach don fheidhm a chur chun cinn

Cuireann conarthaí miondíola solúbtha ar a gcumas do thomhaltóirí idirghníomhú leis an margadh trí chomharthaí praghais, a n-úsáid leictreachais a bhainistiú agus a mbillí a ísliú, agus ligeann siad dóibh an tráth céanna buaicbhainistiú níos fearr a dhéanamh. Tacaíonn siad freisin le héifeachtúlacht an chórais agus le comhtháthú na giniúna in-athnuaite, trí thomhaltas a dhreasú le linn tréimhsí ina bhfuil leictreachas ísealcharbóin ar chostas íseal flúirseach.

Tá cineálacha éagsúla conarthaí soláthair leictreachais solúbtha ann atá oiriúnach do phróifílí éagsúla tomhaltóirí:

- Le conarthaí praghsála dinimiciúla[47], atá bunaithe ar phraghsanna an mhargaidh mórdhíola, soláthraítear comharthaí praghais do thomhaltóirí lena spreagtar coigeartuithe fíor-ama ar a n-úsáid fuinnimh. Tá siad ábhartha go háirithe do thomhaltóirí a bhfuil sócmhainní solúbtha acu, amhail feithiclí leictreacha agus teaschaidéil, ar féidir leo a n-éileamh a athrú go héasca agus a mbillí fuinnimh a laghdú go mór.
- Táirgí soláthair ama úsáide a roinneann an lá ina líon teoranta eatramh praghsanna (e.g. lá/oíche nó criosanna buaice/seachbhuaice). Níl siad chomh casta céanna, agus tá siad níos intuartha agus tá siad inrochtana d’úsáideoirí deiridh a bhfuil cumas athraithe ualaigh seasta acu.
- Conarthaí hibrideacha, lena gcomhtháthaítear gné phraghsála sheasta agus sholúbtha go minic, do thomhaltóirí ar mian leo costas fuinnimh níos intuartha a bheith acu. Cuireann siad ar chumas an tomhaltóra buntáiste na solúbthachta a bhaint amach agus neamhchosaint iomlán ar luaineacht praghsanna á seachaint an tráth céanna.
- Buaicphraghsáil chriticiúil (BPC), i gcás ina n-ardaítear praghsanna leictreachais go substaintiúil le linn tréimhsí éilimh iomarcaigh nó ganntanas soláthair (e.g. i gcás ina bhfuil rannchuidiú na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh íseal).

Tugann siad sin, i dteannta a chéile, neart rogha don tomhaltóir a chomhchuibhítear lena gcumas agus lena dtoilteanas dul i ngleic le solúbthacht.

**Conarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla**: Le conarthaí praghsála dinimiciúla, nasctar praghsanna miondíola go díreach le praghsanna an mhargaidh mórdhíola, an margadh lá roimh

---

[45] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1162 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2023 maidir le ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais, IO L 154, 15.6.2023, lgh. 10–40, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32023R1162.

[46] Le Rialachán (AE) 2023/1162 soláthraítear creat trédhearcach chun é a chur ar a gcumas do chustaiméirí deiridh agus do pháirtithe incháilithe rochtain a fháil ar shonraí méadraithe agus tomhaltais atá stairiúil agus nach bhfuil bailíochtaithe agus gar d’fhíor-am ar bhealach tráthúil, simplí agus slán. Leagtar síos leis an Rialachán rialacha lena n-éascaítear idir-inoibritheacht na rochtana ar shonraí agus an mhalartaithe sonraí ag rannpháirtithe sa mhargadh, agus seirbhísí fuinnimh agus iomaíocht sa mhargadh miondíola á gcur chun cinn an tráth céanna.

[47] Tagraítear do phraghsáil dhinimiciúil go minic mar phraghsáil fíor-ama, féach mar shampla Scoil Rialacháin Fhlórans, *‘Taraifí Leictreachais Miondíola Dinimiciúla: Roghanna agus Bacainní’*, 2020.

ré nó ionlae de ghnáth. Is féidir leo coigilteas mór ar chostais fuinnimh a thairiscint do thomhaltóirí a bhfuil sócmhainní solúbtha acu agus atá toilteanach riosca praghais a bhainistiú, amhail úinéirí feithiclí leictreacha nó teaghlaigh a bhfuil córais téimh chliste acu, toisc go gcuireann siad ar chumas tomhaltóirí tairbhe a bhaint as praghsanna níos ísle nuair a bhíonn giniúint in-athnuaite flúirseach, agus iad neamhchosanta ar phraghsanna níos airde nuair a bhíonn ganntanas sa chóras[48].

De réir shonraí ACER-CEER[49], tá conarthaí praghsála dinimiciúla ar fáil do theaghlaigh i 16 Bhallstát; mar sin féin, ní léiríonn ach líon beag tíortha glacadh mór le conarthaí den sórt sin[50]. Ní chuireann roinnt Ballstát a bhfuil dul i bhfód an-íseal méadair chliste acu conarthaí praghsála dinimiciúla ar fáil ar chor ar bith, cé is moite de roinnt eisceachtaí. Sna margaí sin, in éagmais bonneagar cumasúcháin mínítear an easpa tairiscintí miondíola solúbtha, agus á chur i dtábhacht a thábhachtaí atá sé dlús a chur le leathadh amach méadraithe chliste chun solúbthacht ar thaobh an éilimh a scaoileadh.

**An creat dlíthiúil agus na príomhphrionsabail maidir le conarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla**: Sainmhínítear ‘conradh leictreachais praghsála dinimiciúla’ sa Treoir maidir le Leictreachas mar chonradh soláthair lena léirítear praghsanna i spotmhargaí ag eatraimh atá comhionann ar a laghad leis an tréimhse shocraíochta margaidh[51]. Tá sé de cheart ag na tomhaltóirí uile a bhfuil méadar cliste acu conradh leictreachais praghsála dinimiciúla a fháil ó sholáthróir amháin ar a laghad agus ó na soláthróirí uile a bhfuil níos mó ná 200 000 custaiméir acu sa tír. Le conarthaí praghsála dinimiciúla, ba cheart dlúthléiriú a thabhairt do thomhaltóirí ar luaineachtaí i bpraghsanna margaidh, rud a chuirfeadh ar a gcumas freagairt dá réir. Is é an cuspóir foriomlán go ndéanfaidh custaiméirí deiridh faoi chonarthaí praghsála dinimiciúla a bpatrúin tomhaltais a choigeartú ar bhealach solúbtha, rud a chuideoidh le harduithe tobanna ar phraghsanna mórdhíola a mhaolú.

Tá sé ina cheanglas de chuid Airteagal 11(1a) den Treoir maidir le Leictreachas, sula dtabharfar aon chonradh i gcrích nó sula gcuirfear síneadh leis, lena n-áirítear conradh praghsála dinimiciúil, go gcuirfear custaiméirí ar an eolas faoin bpraghas iomlán agus faoina mhiondealú, chomh maith le cibé acu atá an praghas seasta, athraitheach nó dinimiciúil. Cé nach féidir leis na soláthróirí le conradh praghais dinimiciúil an praghas deiridh a chur in iúl do na tomhaltóirí seachtainí roimh ré[52], ba cheart dóibh a bheith in ann a chur in iúl go soiléir conas a thagann praghsanna do thomhaltóirí as praghsanna spotmhargaidh.

Thairis sin, agus maidir le cosaint tomhaltóirí, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Threoir (AE) 2019/944, ní mór do na soláthróirí custaiméirí deiridh a chur ar an eolas go hiomlán faoi na deiseanna (e.g. costais níos ísle agus tomhaltas á chur in oiriúint do thréimhsí níos saoire, rannpháirtíocht i gcomhtháthú in-athnuaite), costais agus rioscaí (e.g. neamhchosaint ar mhéaduithe tobanna ar phraghsanna, luaineacht billí níos mó do thomhaltóirí gan solúbthacht). Tá sé chomh tábhachtach céanna custaiméirí deiridh a chur ar an eolas faoi na réamhriachtanais theicniúla, go háirithe an gá atá le méadar cliste leordhóthanach.

---

48 Ar bhonn sonraí ó thuarascáil faireacháin margaidh ACER 2025 (*‘Solúbthacht a chúiteamh: Conas is féidir le rogha conarthaí miondíola cuidiú le solúbthacht tomhaltóirí a scaoileadh*’) agus ríomhanna an Choimisiúin féin, d’fhéadfadh tomhaltóirí leictreachais coigilteas suas le 40 % a bhaint amach má dhéanann siad malartú chuig conradh praghsála dinimiciúla agus má dhéanann siad a dtomhaltas a bhainistiú go gníomhach.

49 Tuarascáil MMR 2024 maidir le Miondíol Fuinnimh ó ACER-CEER (Tábla Iarscríbhinn 3).

50 De réir bhileoga tíre leictreachais ACER (Iúil 2025), níl dul i bhfód conarthaí praghsála dinimiciúla os cionn 5 % ach i líon beag Ballstát (FI, LV, NL, SE, ES).

51 Ciallaíonn ‘conradh leictreachais praghsála dinimiciúla’ conradh soláthair leictreachais idir soláthróir agus custaiméir deiridh ina léirítear athrú praghsanna sna spotmhargaí, lena n-áirítear margaí lá roimh ré agus ionlae, ag eatraimh is comhionann ar a laghad le minicíocht socraíochta an mhargaidh.

52 De réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(4) de Threoir (AE) 2019/944.

**Conarthaí hibrideacha**: D'fhéadfadh sé nach mbeadh conarthaí praghsála dinimiciúla oiriúnach do na custaiméirí uile. D'fhéadfadh imthosca roinnt tomhaltóirí a bheith de chineál a fhágann go bhfuil siad teoranta i dtéarmaí na solúbthachta is féidir leo a sholáthar faoi chonradh praghsála dinimiciúla. D'fhéadfadh imní a bheith ar thomhaltóirí eile faoi neamhchosaint ar riosca airgeadais le linn tréimhsí ina bhfuil luaineacht dhian ar praghsanna.

Tá sé sin níos soiléire fós mar gheall ar mhéaduithe tobanna ar phraghsanna fuinnimh le déanaí, rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le roghanna conartha a chuireann solúbthacht agus cobhsaíocht araon ar fáil. Cuireann conarthaí praghsála hibridí meascán de chobhsaíocht agus solúbthacht ar fáil a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thomhaltóirí ar mian leo a mbillí fuinnimh a choinneáil intuartha ach atá oscailte freisin d'airgead a shábháil trí choigeartú a dhéanamh ar an gcaoi agus ar an uair a úsáideann siad leictreachas. Trí intuarthacht a chomhcheangal le freagrúlacht, is féidir conarthaí hibrideacha a chur in oiriúint do riachtanais éagsúla tomhaltóirí agus d'fhéadfadh siad leibhéal slándála a chur ar fáil in éineacht le leibhéal solúbthachta, agus ar an gcaoi sin níos mó roghanna, rialaithe agus muiníne a thabhairt do thomhaltóirí maidir lena n-úsáid fuinnimh a bhainistiú.

Sainaithníonn ACER-CEER[53] cineálacha éagsúla conarthaí hibrideacha. Tá roinnt conarthaí hibrideacha ceaptha chun tomhaltóirí a chosaint ar arduithe tobanna ar phraghsanna agus treochtaí margaidh fós á léiriú. Mar shampla, caidhpeanna praghais, ionas nach mbeidh billí arda gan choinne ag an tomhaltóir. Le conarthaí eile tairgtear uaireanta saor in aisce nó lascainithe a spreagann tomhaltóirí chun a n-úsáid a aistriú go dtí na tréimhsí sin ar chostas níos ísle. Tá an fhéidearthacht ann freisin conarthaí saincheaptha a dhéanamh le haghaidh feithiclí leictreacha, lena gcomhcheanglaítear rátaí comhréidhe seachbhuaice le dreasachtaí luchtaithe cliste. D'fhéadfadh conarthaí den sórt sin freastal ar chumais luchtaithe dhéthreocha, rud a chuirfeadh dreasachtaí sonracha ar fáil do thomhaltóirí díluchtú ag tráthanna buaicéilimh, agus luchtú nuair a bhíonn praghsanna íseal.

Chun tacú le glacadh conarthaí hibrideacha, ba cheart do na Ballstáit coinníollacha rialála a chruthú lena gceadaítear do sholáthróirí triail a bhaint as tairiscintí hibrideacha nuálacha, agus trédhearcacht, inchomparáideacht agus cosaint tomhaltóirí á ráthú an tráth céanna. Beidh sé ríthábhachtach táirgí den sórt sin a dhéanamh infheicthe trí uirlisí comparáide praghsanna chun go mbeidh tomhaltóirí in ann roghanna eolasacha a dhéanamh agus mearbhall a sheachaint.

| **Samplaí ó na Ballstáit**[54] |
|---|
| San **Fhionlainn**, le conradh hibrideach[55] comhcheanglaítear praghsáil sheasta agus sholúbtha. Íocann tomhaltóirí praghas seasta as a dtomhaltas ach is féidir leo a mbillí a laghdú trí úsáid a aistriú go huaireanta an chloig le praghsanna níos saoire (e.g. idir 1:00 a.m. agus 6:00 a.m.). Is féidir leo tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí dianfhuinnimh a uainiú i gceart amhail luchtú feithiclí leictreacha nó téamh uisce, agus an tráth céanna an riosca go dtiocfaidh ardú mór ar phraghsanna a sheachaint i gcomparáid le conradh dinimiciúil.<br>Chomh maith leis sin, san Fhionlainn[56], le héagsúlacht sa phraghsáil sheasta agus sholúbtha, comhcheanglaítear conradh ar phraghas seasta le 'tionchar tomhaltais' míosúil inar féidir le |

[53] ACER-CEER, MMR 2024 an Mhargaidh Miondíola Fuinnimh.

[54] Níl sna samplaí a chuirtear i láthair sa doiciméad seo ach léiriú ar na cineálacha conarthaí atá á bplé. Ní liosta uileghabhálach atá ann de tháirgí atá ar fáil ar fud an Aontais.

[55] Conradh 'Välkky' arna thairiscint ag Väre Ltd.

[56] Conradh 'Oomi Flex' arna thairiscint ag Oomi Oy; measann an chuideachta go n-íocann 90 % de chustaiméirí faoin gconradh solúbtha sin níos lú i gcomparáid le conradh ar phraghas iomlán seasta de réir uainiú a n-úsáide leictreachais. Is féidir le custaiméirí níos mó a íoc ná an ráta seasta mura ndéanann siad a dtomhaltas a uainiú dá réir sin. Tá ról lárnach ag an bhfeidhmchlár trí chustaiméirí a chur ar an eolas faoi na tréimhsí tomhaltais is costéifeachtaí.

tomhaltóirí, bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear trí iarratas, a n-úsáid leictreachais a choigeartú chun leas a bhaint as laethanta agus uaireanta níos saoire, agus ar an gcaoi sin a gcostas leictreachais deiridh a ísliú.

Sa **Bheilg**, tairgeann conradh[57] uaireanta seachbhuaice seasta i dtrí amchrios, lena gcomhcheanglaítear criosanna le ráta íseal agus criosanna le ráta an-íseal. Is féidir na custaiméirí a chur ar an eolas faoi na hamchriosanna éagsúla trí fheidhmchlár agus a dtomhaltas a bharrfheabhsú. Is féidir le húinéirí feithiclí leictreacha gné luchtaithe chliste a úsáid.

Sa **Fhrainc**, comhcheanglaítear le conradh a bhaineann go sonrach le feithiclí leictreacha[58] stáisiún luchtaithe, taraif leictreachais thiomnaithe, agus feidhmchlár trína bhfuil rochtain ag an úsáideoir ar sheirbhísí faireacháin agus luchtaithe cliste. Is féidir le custaiméirí a bhfeithiclí a luchtú le linn tréimhsí ísealchostais agus luchtú agus coigilteas a bharrfheabhsú tríd an ngné luchtaithe chliste.

**Buaicphraghsáil chriticiúil (BPC)**: Leagtar amach in Airteagal 7a den Rialachán Leictreachais táirge buaicscafa speisialta, nach bhfuil ceaptha lena úsáid ach amháin le linn géarchéim praghsanna leictreachais[59]. Is féidir leis an sásra buaicscafa rialáilte sealadach sin atá faoi cheangal ama a bheith ann in éineacht le tairiscintí BPC margadhbhunaithe. Is ann dóibh sin cheana féin i roinnt Ballstát, ina dtairgeann soláthróirí táirgí buaicphraghsála chun tomhaltóirí a dhreasú chun an t-éileamh a laghdú le linn tréimhsí ardchostais mar chuid de ghnáthoibríochtaí miondíola. Tá táirgí tráchtála BPC den sórt sin mar chuid den nuálaíocht mhiondíola rialta agus de rogha tomhaltóirí.

**Rogha a fheabhsú trí chonarthaí soláthair iomadúla:** Le hAirteagal 4 leasaithe de Threoir (AE) 2019/944, neartaítear cearta tomhaltóirí trína áirithiú go mbeidh an tsaoirse ag na custaiméirí deiridh uile ní hamháin a soláthróir leictreachais a roghnú, ach níos mó ná conradh soláthair amháin a thabhairt i gcrích go comhuaineach freisin, trí roinnt pointí méadraithe agus billeála a bheith acu ag áitreabh an chustaiméara atá nasctha le pointe nasctha aonair. Is féidir an rogha sin a chumasú le córais méadraithe chliste nó le fomhéadair[60].

Tá impleachtaí tábhachtacha ag an bhforáil nua seo maidir le solúbthacht i gconarthaí miondíola a chur chun cinn. Go háirithe, tugann sé an rogha do thomhaltóirí a n-éileamh leictreachais a dhí-chomhiomlánú thar chonarthaí éagsúla ag brath ar chineál a n-ualaí. Dá bhrí sin, is féidir le tomhaltóirí a riachtanais leictreachais a chumhdach trí chonarthaí éagsúla a úsáid dá ngairis. Mar shampla:

- Feithiclí leictreacha: féadfaidh custaiméirí conradh dinimiciúil nó conradh ama úsáide a roghnú le haghaidh luchtú feithiclí leictreacha, rud a dhéanfaidh costais a bharrfheabhsú trí luchtú a aistriú chuig uaireanta ar phraghas íseal.
- Teaschaidéil: D'fhéadfaí ualaí téimh a chumhdach le conradh ama úsáide, nó i gcás ina gceadaíonn an tsuiteáil é sin le conradh praghsála dinimiciúla nó le conradh hibrideach.

57 Conradh 'Empower Flexi-time' arna thairiscint ag ENGIE, do chustaiméirí a bhfuil tomhaltas níos mó acu agus atá in ann cuid mhór dá dtomhaltas leictreachais a aistriú (mar shampla gluaisteáin leictreacha, ceallraí cliste nó gairis in-ríomhchláraithe dhianfhuinnimh).

58 Conradh 'Ma Recharge Intelligente' arna thairiscint ag ENGIE.

59 Mar a dhearbhaítear i gcomhréir le hAirteagal 66a de Threoir (AE) 2019/944.

60 De réir Aithris 19 de Threoir (AE) 2024/1711, mar gheall ar dhul chun cinn i dteicneolaíocht méadraithe agus fomhéadraithe in éineacht le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, is féidir go teicniúil soláthróirí iomadúla a bheith ann le haghaidh áitreabh aonair.

- Bonnualach teaghlaigh: is féidir an chuid eile den éileamh teaghlaigh a chumhdach le gnáthchonradh seasta, lena soláthraítear intuarthacht do thomhaltas laethúil.

Le deighilt chonarthach den sórt sin, seachnaítear an rogha ‘iomlán nó faic’ a d’fhéadfadh a bheith roimh thomhaltóirí trí chonradh dinimiciúil a ghlacadh dá dtomhaltas teaghlaigh iomlán. Ina ionad sin, is féidir le teaghlaigh cobhsaíocht agus solúbthacht a chomhcheangal trí chuid dá n-éileamh a choinneáil cosanta ar aon riosca praghais, agus ualaí solúbtha a nochtadh do chomharthaí praghais iomchuí an tráth céanna.

**Idirghníomhaíocht le taraifí gréasáin:** Is cuid mhór den bhille leictreachais[61] iad muirir ghréasáin agus meastar go dtiocfaidh méadú ar infheistíochtaí eangaí sna blianta amach romhainn, agus is dócha go dtiocfaidh méadú breise ar an sciar sin[62]. Is féidir le taraifí gréasáin costas-léiritheacha dreasachtaí a sholáthar chun an t-éileamh a aistriú ó bhuaicthréimhsí, costais fhoriomlána an chórais a laghdú, agus conarthaí miondíola solúbtha a chomhlánú[63]. Chun éifeachtacht a uasmhéadú, ba cheart costais an chórais a léiriú i struchtúir taraifí, aistriú lóid a spreagadh ag buaicuaireanta, agus leanúint de bheith cothrom agus inacmhainne do na húsáideoirí uile, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil acmhainneacht solúbthachta teoranta acu. Ba cheart costais chórais níos ísle a bheith mar thoradh ar na buntáistí a bhaineann le plódú eangaí laghdaithe.

Le muirir ghréasáin chostas-léiritheacha, i gcomhréir le Treoir 2025 ón gCoimisiún maidir le dearadh taraifí dáileacháin[64] is féidir dreasachtaí a ailíniú agus luach saothair breise a thabhairt d’athruithe ar an éileamh i gcásanna ina dtairgeann soláthróirí conarthaí dinimiciúla nó hibrideacha. Dá bhrí sin, moltar do na Ballstáit agus do rialtóirí a áirithiú go bhfuil taraifí gréasáin costas-léiritheach agus go soláthraítear leo comharthaí solúbthachta atá comhsheasmhach le conarthaí miondíola solúbtha. Chuige sin, tá gá le dlúthchomhar idir rialtóirí, oibreoirí córais agus na páirtithe leasmhara ábhartha.

Chun forbairt na solúbthachta a spreagadh agus chun tacú léi, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar le húdaráis rialála agus soláthróirí, díriú go háirithe ar na gnéithe seo a leanas:

- **Táirgí miondíola a éagsúlú** trí thacú le táirgí dinimiciúla, am úsáide agus hibrideacha a thabhairt isteach lena gcuirtear teorainn le neamhchosaint ar an margadh agus comharthaí praghais á gcaomhnú an tráth céanna, ionas go mbeidh rogha conartha sholúbtha ag tomhaltóirí a bhfuil leibhéil éagsúla toilteanais agus cumais acu rioscaí a ghlacadh.
- **Nuálaíocht a dhreasú** trí threoirthionscadail agus boscaí gainimh rialála a spreagadh le haghaidh táirgí nua sa mhargadh amhail conarthaí hibrideacha. É sin a chomhlánú le dreasachtaí cothroma, teoranta ó thaobh ama de agus iomchuí, atá deartha ar bhealach atá calabraithe go sóisialta, chun tacú le glacadh tosaigh tairiscintí solúbtha agus gairis chumasúcháin (e.g. comhtháthú feithiclí leictreacha agus teaschaidéil, rialaitheoirí cliste). Ba cheart na dreasachtaí sin a struchtúrú go cúramach chun cúlchéimnitheacht

[61] De réir MMR 2024 Miondíola Fuinnimh ACER-CEER, is ionann costais leictreachais an ghréasáin agus 24 % de mheánbhille leictreachais an Aontais. Cé go mbíodh costais ghréasáin ina sciar níos airde den bhille leictreachais, mar gheall ar na harduithe ar phraghsanna leictreachais le déanaí, ba í an chomhpháirt fuinnimh príomhspreagadh an chostais fuinnimh fhoriomláin a bhí le híoc ag tomhaltóirí.

[62] COM (2025) 4010 final ‘Treoirlínte maidir le muirir ghréasáin a sheasfaidh an aimsir ar chostais laghdaithe an chórais fuinnimh’.

[63] Is féidir le taraifí solúbtha gréasáin dáileacháin giaráil bhreise a sholáthar chun tomhaltas solúbtha a dhreasú. Faoi láthair, tá taraifí gréasáin ‘oíche-lá’ roghnacha nó éigeantacha nó taraifí gréasáin eile a bhaineann leis an am úsáide á gcur i bhfeidhm cheana féin ag roinnt Ballstát (ACER, *‘Solúbthacht a scaoileadh: ‘Gníomhaíochtaí gan aiféala chun deireadh a chur le bacainní ar an bhfreagairt don éileamh’*, 2025). Is féidir taraifí gréasáin a ghearradh go díreach trí chonradh seirbhíse eangaí nó go hindíreach tríd an gconradh soláthair fuinnimh.

[64] C IO C, C/2026/126, 9.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/126/oj

a sheachaint agus chun a áirithiú nach n-eisiafar teaghlaigh leochaileacha agus teaghlaigh fhuinneamhbhochta.

- **A áirithiú go leanfaidh rannpháirtíocht sa tsolúbthacht de bheith deonach**, trédhearcach agus curtha in oiriúint do riachtanais éagsúla na dtomhaltóirí, agus coimircí ann do chustaiméirí fuinneamhbhochta agus leochaileacha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugann an miondíol luach saothair as solúbthacht, agus cosaint á tabhairt an tráth céanna do na tomhaltóirí sin nach bhfuil chomh cumasach céanna a bheith rannpháirteach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhfuil cosaint mhaith ag tomhaltóirí ar chleachtais mhargaíochta éagóracha, lena n-áirítear teileamhargaíocht ionsaitheach agus faisnéis mhíthreorach, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go ndéanfadh tomhaltóirí conarthaí praghsála dinimiciúla nach bhfuil ag teacht lena riachtanais.
- **Infhaighteacht méadraithe chliste atá oiriúnach don fheidhm a áirithiú agus rochtain optamach ar shonraí a** áirithiú trí dhlús a chur le leathadh amach an mhéadair chliste agus trí cheanglais idir-inoibritheachta maidir le rochtain ar shonraí a fhorfheidhmiú go hiomlán (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1162), agus ar an gcaoi sin rochtain thráthúil shlán ar fhaisnéis a chumasú do thomhaltóirí agus do sholáthraithe seirbhíse. Íoschaighdeáin a ráthú i gcomhréir leis na feidhmiúlachtaí sainordaithe (Airteagal 20 den Treoir maidir le Leictreachas) maidir le cumhdach méadair chliste, rochtain neas-fhíorama ar shonraí, agus crúcaí uathoibrithe, ionas gur féidir le tomhaltóirí agus uirlisí tríú páirtí freagairt go héifeachtach.
- **Feasacht tomhaltóirí a mhúscailt** trí fhaisnéis shoiléir a sholáthar maidir le buntáistí, míbhuntáistí agus oiriúnacht gach cineáil conartha. D'fhéadfaí a áireamh leis sin feachtais shoiléire shimplí trí ardáin agus modhanna cumarsáide éagsúla, lena gcumhdaítear praghasmhúnlú, tionchair bhille thipiciúla do phróifílí tomhaltóirí éagsúla, cásanna riosca, agus bealaí gearáin éagsúla.
- **Ceangal a chur ar sholáthróirí leictreachais comparáidí billí léiritheacha a sholáthar**, lena léirítear an méid a d'íocfadh tomhaltóir faoi thairiscintí dinimiciúla, seasta nó ama úsáide, bunaithe ar shonraí tomhaltais stairiúla. D'fhéadfadh soláthróirí modhanna neamhspleácha próifílithe riosca custaiméara a úsáid freisin sula dtabharfar conradh i gcrích le custaiméir. Ba cheart oibleagáid a bheith ar sholáthróirí an fhaisnéis ábhartha maidir le leithdháileadh rioscaí agus prionsabail luacha saothair a nochtadh i bhformáid chaighdeánach arna bunú ag an údarás rialála náisiúnta. Thairis sin, le linn chomhlíonadh an chonartha, d'fhéadfadh soláthróirí faisnéis agus comhairle phearsantaithe a sholáthar chun cabhrú le tomhaltóirí a nósanna tomhaltais a choigeartú
- **A cheangal go gcuirfidh uirlisí comparáide ar líne i láthair ní hamháin praghsanna** a thairgeann táirgí praghsála dinimiciúla éagsúla **ach neamhchosaint ar riosca freisin agus coigilteas féideartha** don tomhaltóir i gcomparáid le praghas seasta nó táirgí eile atá difreáilte ó thaobh ama de. Ba cheart uirlisí den sórt sin a bheith neodrach, ba cheart maoirseacht phoiblí a dhéanamh orthu chun muinín a áirithiú, agus ba cheart rochtain a bheith ag tomhaltóirí ar bheagán scileanna digiteacha orthu.
- **Úsáid teicneolaíochtaí uathoibrithe a chur chun cinn** (e.g. córais bainistíochta baile agus teirmeastait chliste, luchtairí cliste feithiclí leictreacha, gairis chliste) a chuidíonn le tomhaltóirí na tairbhí a bhaineann le praghsáil dhinimiciúil a ghabháil gan idirghabháil leanúnach de láimh. Agus aon tionscnaimh náisiúnta a bhaineann le fearais chliste á bhforbairt acu, iarrtar ar na Ballstáit cur le cód iompair an Aontais d'fhearais chliste fuinnimh idir-inoibritheacha chun glacadh gaireas a bhfuil gnéithe solúbthachta

idir-inoibritheacha agus oscailte acu a spreagadh, seachas cuir chuige náisiúnta a fhorbairt a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le hilroinnt sa mhargadh aonair d’fhearais amhail téamh, aeráil, aerchóiriú (TAAC) nó earraí bána[65].

- **Aghaidh a thabhairt ar chuimsiú digiteach agus ar rochtain chothrom** trína áirithiú nach bhfágfar tomhaltóirí a bhfuil scileanna digiteacha teoranta nó nascacht dhigiteach theoranta acu ar lár. D’fhéadfaí a áireamh ar na bearta pointí rochtana as líne, línte cabhrach, uirlisí comparáide páipéarbhunaithe, agus tacaíocht spriocdhírithe trí eagraíochtaí tomhaltóirí. Tá céimeanna den sórt sin fíor-riachtanach chun a ráthú go mbeidh tairiscintí solúbtha inrochtana do na teaghlaigh uile agus nach bhfuil an baol ann go mbainfear tearcúsáid astu mar gheall ar bhacainní digiteacha.
- **A áirithiú go bhforbróidh eagraíochtaí náisiúnta tomhaltóirí agus rialálaithe fuinnimh treoracha simplí** lena mínítear na próifílí tomhaltóirí is oiriúnaí do chonarthaí dinimiciúla, do chonarthaí a bhaineann leis an am úsáide nó do chonarthaí hibrideacha. Ba cheart béim a leagan freisin sna treoracha ar na coimircí spriocdhírithe atá ar fáil do thomhaltóirí leochaileacha agus do thomhaltóirí fuinneamhbhochta, amhail gnéithe roghnacha ‘cobhsaitheoir billí’ laistigh de chonarthaí solúbtha. Leis na sásraí sin, cosnaítear teaghlaigh ó luaineacht ghearrthéarmach nó ó arduithe tobanna sealadacha ar phraghsanna agus, an tráth céanna, caomhnaítear an dreasacht chun éileamh a aistriú, agus is féidir iad a cheapadh mar fhorlíontáin roghnacha, mar bhearta spriocdhírithe do ghrúpaí leochaileacha, nó mar ionstraimí sealadacha a ghníomhachtaítear le linn tréimhsí géarchéime.
- **Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn**. Ba cheart do na Ballstáit agus/nó do rialtóirí glacadh conarthaí praghsála dinimiciúla agus an tionchar ar chostais leictreachais do thomhaltóirí a rianú agus a dtorthaí a thuairisciú dá réir chun bonn eolais a chur faoi choigeartuithe fianaise-bhunaithe sa mhargadh (Airteagal 11 agus Airteagal 59 den Treoir maidir le Leictreachas). Ba cheart a áireamh san fhaireachán torthaí cothroma agus dáileacháin, gearáin ó thomhaltóirí, agus éifeachtacht na mbeart cosanta, chun coigeartuithe leanúnacha fianaisebhunaithe a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, moltar freisin faireachán a dhéanamh ar fhorbairt conarthaí miondíola solúbtha eile trí ghnéithe comhchosúla a mheas.

## CONCLÚIDÍ

Le hAirteagal 5 den Treoir maidir le Leictreachas soláthraítear creat rialála atá struchtúrtha ach solúbtha le haghaidh idirghabhálacha praghsanna poiblí sa mhargadh miondíola leictreachais. Tugann sé de chumhacht do na Ballstáit freagairt do dhúshláin shonracha ar choinníoll go bhfuil na cuspóirí sin ag teacht leis an leas eacnamaíoch ginearálta agus le prionsabail na Treorach maidir le Leictreachas. Leis an inoiriúnaitheacht sin, is féidir freagairtí beartais saincheaptha a thabhairt agus comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh á chaomhnú an tráth céanna. Leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 5, treoraítear cur chun feidhme na n-idirghabhálacha a bhaineann go sonrach le géarchéimeanna faoi Airteagal 66a de DML freisin, lena n-áirithítear comhsheasmhacht rialála le linn éigeandálaí. Trí idirghabhálacha a theorannú do na cásanna sonracha sin, treisítear leis an Treoir croíphrionsabal an mhargaidh maidir le praghsáil faoi thionchar an tsoláthróra, lena n-áirithítear go leanfaidh idirghabhálacha de bheith neamhchoitianta agus teoranta ó thaobh ama de. Ba cheart bearta struchtúracha a

[65] Áiritheoidh an Coimisiún gur féidir teacht ar mhúnlaí a dhearbhaítear a bheith i gcomhréir le cód iompair na monaróirí is sínitheoirí agus cuardach á dhéanamh ar an gclárlann Eorpach táirgí le haghaidh lipéadú fuinnimh, (url: https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/eprel_en?prefLang=ga).

bheith ag gabháil le hidirghabhálacha chun iomaíocht éifeachtach a fhorbairt nó chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh.

Soláthraítear le hAirteagal 5 creat athléimneach agus inoiriúnaithe lena dtugtar aghaidh ar leochaileachtaí láithreacha gan éabhlóid fhadtéarmach mhargadh fuinnimh aontaithe dinimiciúil an Aontais a chur i mbaol. Chuir an Coimisiún i dtábhacht sa tuarascáil seo cleachtais chun cuidiú leis na Ballstáit feabhas a chur ar chur chun feidhme Airteagal 5. Níl sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach ag an bpointe seo togra reachtach nua a thabhairt isteach maidir le hAirteagal 5. Mar sin féin, leanfaidh an Coimisiún d’athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme Airteagal 5 mar aon le tacú le tuilleadh solúbthachta a áireamh sna margaí miondíola.

Deimhnítear leis an bhfaireachán a rinneadh ar fhorbairtí le déanaí go n-aithnítear níos mó agus níos mó an tsolúbthacht mhiondíola mar ghné thábhachtach chun córas fuinnimh atá dírithe ar an tomhaltóir agus atá inacmhainne athléimneach a bhaint amach. Tá conarthaí dinimiciúla, conarthaí a bhaineann leis an am úsáide agus conarthaí hibrideacha ar fáil anois i líon méadaitheach Ballstát, le tacaíocht ó leathadh amach de réir a chéile an mhéadraithe chliste agus rialacha níos soiléire maidir le rochtain ar shonraí. I gcás ina bhfuil na coinníollacha sin i bhfeidhm, is fearr is féidir le tomhaltóirí páirt ghníomhach a ghlacadh sa mhargadh, a dtomhaltas a choigeartú, a mbillí a laghdú, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht fhoriomlán an chórais.

An tráth céanna, léirítear san anailís go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn. Is féidir dlús a chur le cur in úsáid conarthaí leictreachais miondíola solúbtha tríd an Treoir maidir le Leictreachas agus an Rialachán Leictreachais a chur chun feidhme go héifeachtach, agus trí chreataí oiriúnacha a fhorbairt chomh maith lena n-éascaítear infhaighteacht tairiscintí solúbtha sa mhargadh. Dá bhrí sin, tá ról tábhachtach ag na Ballstáit agus ag rialtóirí vis-à-vis príomhpháirtithe leasmhara maidir le glacadh conarthaí miondíola solúbtha a spreagadh agus bacainní ar a nglacadh a shainaithint agus a laghdú.

Níor cheart solúbthacht a chur chun cinn go neamh-idirdhealaitheach. Ina ionad sin, ní mór dó leanúint de bheith deonach, trédhearcach agus curtha in oiriúint do riachtanais éagsúla na dtomhaltóirí, le coimircí do chustaiméirí leochaileacha agus do chustaiméirí fuinneamhbhochta. Is éifeachtaí tairiscintí miondíola den chineál sin i gcás inar féidir solúbthacht a bhaint amach i ndáiríre, agus tá cosaint iomchuí de dhíth ar thomhaltóirí nach bhfuil chomh cumasach céanna páirt a ghlacadh.

Iarrtar ar na Ballstáit na dea-chleachtais atá sa tuarascáil seo a chur chun feidhme chun tacú le cuir chuige náisiúnta maidir le conarthaí solúbtha margaidh miondíola a chur chun cinn. Chun go bhfeidhmeoidh praghsáil dhinimiciúil leictreachais go héifeachtach, tá faisnéis shoiléir thrédhearcach de dhíth ar thomhaltóirí maidir le praghsanna agus tomhaltas leictreachais chun roghanna eolasacha a chumasú. Deimhníodh san aiseolas comhairliúcháin[66] go bhfuil trédhearcacht agus inchomparáideacht fíor-riachtanach chun muinín a chothú, agus go bhfuil bearnaí sa mhéadrú cliste agus sa rochtain ar shonraí fós ina mbacainní móra. Gan tacaíocht den sórt sin, d’fhéadfadh méaduithe gan choinne ar bhillí an bonn a bhaint den mhuinín agus moill a chur ar an aistriú i dtreo taobh éilimh níos solúbtha.

An tráth céanna, tá sé tábhachtach tacú le conarthaí solúbtha eile a thabhairt isteach, amhail táirgí am úsáide agus táirgí hibrideacha, chun freastal ar riachtanais bonn custaiméirí níos

[66] Féach an t-aiseolas ón gcomhairliúchán oscailte a reáchtáil an Coimisiún Eorpach faoi ‘Phacáiste Fuinnimh na Saoránach: Tomhaltóirí a Chosaint agus a Chumhachtú san Aistriú Cóir’ (comhairliúchán oscailte, Tionscnamh Uimh. 14737), tairseach *Cloisimis uait*, arna rochtain an 25.9.2025; url: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14737-Pacaiste-Fuinnimh-na-Saoranach-tomhaltoiri-a-chosaint-agus-a-chumhachtu-san-aistriu-coir_ga.

leithne. Léirigh an t-ionchur poiblí tacaíocht láidir do shamhlacha hibrideacha mar réiteach cothrom idir comharthaí praghais agus cosaint tomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart coimircí a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go leanfaidh na conarthaí uile de bheith deonach, trédhearcach agus sothuigthe, agus aird ar leith á tabhairt ar thomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith níos neamhábalta measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus deiseanna na dtáirgí sin. Leag páirtithe leasmhara béim freisin ar an ngá atá le cosaintí comhréireacha, go háirithe do thomhaltóirí leochaileacha, agus iad ag tabhairt rabhadh an tráth céanna i gcoinne bearta doiléire a d'fhéadfadh comharthaí praghais éifeachtacha a lagú.